An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

# Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta

Beartas Corparáideach agus Nósanna Imeachta Corparáideacha


## 1.0 Cúlra – Cé sinne agus cad a dhéanaimid

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas mar Údarás neamhspleách ar bhonn reachtúil i mí Dheireadh Fómhair 2014 de réir an Achta Carthanas 2009. Tá an Rialálaí Carthanas freagrach as an gclár poiblí d'eagraíochtaí carthanúla in Éirinn a chothabháil. Cinntímid freisin go gcomhlíonann carthanais na ceanglais dhlíthiúla atá orthu, agus sinn ag tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán. Seolaimid imscrúduithe agus déanaimid gníomh forfheidhmiúcháin cuí, nuair is gá, freisin.

### Ár Misean:

'An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas'.

### Ár Luachanna:



An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

**Ár bhFeidhmeanna:**

- Iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú.
- Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla.
- Úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn.
- Cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú.
- Tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla.
- Clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil.
- Comhlíonadh an Achta Carthanas 2009 ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna.
- Imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta Carthanas 2009.
- Feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú).
- Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis.
- Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

## 2.0 Ráiteas Beartais

Rialálaí náisiúnta reachtúil na hÉireann ar eagraíochtaí carthanúla is ea an Rialálaí Carthanas. Liostaítear sa bheartas seo na cainéil meán sóisialta atá á n-úsáid ag an Rialálaí Carthanas, an t-ábhar ar féidir leat a bheith ag súil leis ar gach ceann díobh, agus an dóigh a n-idirghníomhaímid le daoine den phobal ar na hardáin sin.

Úsáidimid ardáin meán sóisialta mar chainéal (mar aon le cainéil eile) chun faisnéis a sholáthar don phobal agus, nuair is cuí, chun caidreamh díreach a dhéanamh leis an bpobal. Níl sé i gceist go n-úsáidfear iad, mar shampla, chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas ná le haon bhall foirne eile de chuid an Rialálaí Carthanas ná chun gearáin, ceisteanna ó na meáin nó cineálacha eile cumarsáide oifigiúla a chur isteach.

Is é an bealach is fearr chun ceisteanna nó aiseolas a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas ná úsáid a bhaint as ár leathanach 'Déan Teagmháil Linn'.

Níl sé cuí ár n-ardáin meán sóisialta a úsáid ach oiread chun ábhair imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas ná chun aird a tharraingt ar na hábhair imní atá agat faoi aon eagraíocht. Má tá ábhar imní agat go bhfuil an tAcht Carthanas 2009 á shárú ag carthanas nó ag eagraíocht, léigh an beartas uainn maidir le hábhair imní agus comhlánaigh ár bhfoirm ábhar imní ar líne.

Níl an Rialálaí Carthanas freagrach as na cleachtais phríobháideachta ná na beartais eile atá ag aon ardáin meán sóisialta ná ag aon suíomhanna Gréasáin nasctha eile, níl sé faoi dhliteanas i leith na gcleachtas ná na mbeartas sin agus ní thacaíonn sé leo. Is ar do phriacal féin a úsáideann tú suíomhanna meán sóisialta. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le haon fhreagracht ná le haon dliteanas i leith aon díobhála, aon chaillteanais nó aon damáiste a thagann as úsáid a bhaint as ardáin meán sóisialta nó as úsáid a bhaint as faisnéis nó as ábhar atá le fáil ar ardáin meán sóisialta nó as suíomhanna Gréasáin nasctha eile, nó a íoslódáiltear uathu, nó as a bheith ag brath ar fhaisnéis nó ar ábhar den sórt sin. Is féidir nach mbeidh na suíomhanna Gréasáin sin ar fáil ó am go ham, agus ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le haon fhreagracht ná le haon dliteanas a thagann as aga neamhfhónaimh den sórt sin.

## 3.0 Raon feidhme

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le gach cuntas meán sóisialta a oibríonn an Rialálaí Carthanas, fiú amháin i gcás nach bhfuil aon tagairt déanta do na cuntais sin sa bheartas seo. Is ar Twitter, ar LinkedIn, ar YouTube agus ar Facebook atá na ceithre chuntas reatha meán sóisialta atá ag an Rialálaí Carthanas.

Bainistíonn an fhoireann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí sa Rialálaí Carthanas an t-ábhar do gach ceann de na cuntais sin, agus déantar modhnóireacht fhrithghníomhach orthu. Bainistímid cuntais meán sóisialta ó 9 a.m. go 5 p.m., an Luan go dtí an Aoine (gan laethanta saoire poiblí a áireamh). Is féidir go ndéanfar an beartas seo a leasú agus a nuashonrú ó am go ham.

## 4.0 Cainéil agus cuntais meán sóisialta

## 4.1 Twitter

Má leanann tú an cuntas @Charities_Reg, is féidir leat a bheith ag súil leis go n-áireofar lenár dtvuíteanna na nithe seo a leanas:

- Preaseisiúintí agus ráitis uainn;
- Faisnéis thábhachtach nua uainn agus foláirimh faoi ábhar nua ar ár suíomh Gréasáin;
- Faisnéis atá ceaptha chun cabhrú le carthanais na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí carthanas a thuiscint agus iad a chomhlíonadh ar shlí níos fearr;
- Grianghraif agus físeáin ó imeachtaí, ó ócáidí gaolmhara agus ó ghníomhaíochtaí a bhaineann lenár gcuid oibre;
- Tvuíteáil bheo ó imeachtaí; agus
- Ábhar eile a mheastar a bheith cuí.

**Cuntais a Leanúint agus Ábhar Cuntas Eile a Atvuíteáil**
Má leanaimid cuntas eile ar Twitter, ní thabharfaidh sé sin le tuiscint go dtacaímid leis an gcuntas. Mar an gcéanna, má úsáidimid ár gcuntas @Charities_Reg chun 'is maith linn' a thabhairt d'ábhar nó chun ábhar a atvuíteáil, ní thabharfaidh sé sin le tuiscint go dtacaímid le héirim na teachtaireachta a seoladh nó leis an duine aonair nó an eagraíocht a sheol an tvuít.  Má thosaíonn tú ag leanúint ár gcuntais, ní leanfaimid go huathoibríoch thú.

**Teachtaireachtaí a sheoltar chugainn agus Teachtaireachtaí Díreacha**
Fáiltímid roimh aiseolas ónár leantóirí.  Is féidir, áfach, nach dtabharfaimid freagra aonair ar gach teachtaireacht a fhaighimid ar Twitter.  Cuirfimid aon teachtaireachtaí nó aon mholtaí fóinteacha ar aghaidh chuig ár gcomhghleacaithe. Ní dhéanfaimid aon trácht ar fhiosrúcháin atá ar siúl agus ní thabharfaimid aon fhreagra ar cheisteanna faoi fhiosrúcháin den sórt sin. Is é an bealach is fearr chun ceisteanna nó aiseolas a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas ná úsáid a bhaint as ár leathanach 'Déan Teagmháil Linn'.

## 4.2 LinkedIn

Má leanann tú ár gcuntas ar LinkedIn, is féidir leat a bheith ag súil leis go n-áireofar lenár bpostálacha na nithe seo a leanas:

- Preaseisiúintí agus ráitis uainn;
- Deiseanna earcaíochta ag an Rialálaí Carthanas;

- Faisnéis thábhachtach nua uainn agus foláirimh faoi ábhar nua ar ár suíomh Gréasáin;

- Faisnéis atá ceaptha chun cabhrú le carthanais na hoibleagáidí atá orthu a thuiscint agus iad a chomhlíonadh ar shlí níos fearr;

- Grianghraif agus físeáin ó imeachtaí, ó ócáidí gaolmhara agus ó ghníomhaíochtaí a bhaineann lenár gcuid oibre; agus

- Ábhar eile a mheastar a bheith cuí.

Má úsáidimid ár gcuntas ar LinkedIn chun 'is maith linn' a thabhairt d'ábhar nó chun ábhar a chomhroinnt, ní thabharfaidh sé sin le tuiscint go dtacaímid leis an ábhar sin nó leis an duine aonair nó an eagraíocht a phostáil é.

Fáiltímid roimh aiseolas ónár leantóirí. Is féidir, áfach, nach dtabharfaimid freagra aonair ar na teachtaireachtaí a fhaighimid ar LinkedIn. Cuirfimid aon teachtaireachtaí nó aon mholtaí fóinteacha ar aghaidh chuig ár gcomhghleacaithe. Ní dhéanfaimid aon trácht ar fhiosrúcháin atá ar siúl agus ní thabharfaimid aon fhreagra ar cheisteanna faoi fhiosrúcháin den sórt sin. Is é an bealach is fearr chun ceisteanna nó aiseolas a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas ná úsáid a bhaint as ár leathanach 'Déan Teagmháil Linn'.

## 4.3 YouTube

Má thugann tú cuairt ar ár gcuntas ar YouTube, is féidir leat a bheith ag súil leis go bhfeicfidh tú físeáin faoi obair an Rialálaí Carthanas.

**Barúlacha ar ár leathanach ar YouTube agus ár mbeartas modhnóireachta**
Ní féidir barúlacha a chur in iúl ar leathanach an Rialálaí Carthanas ar YouTube. Is é an bealach is fearr chun ceisteanna nó aiseolas a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas ná úsáid a bhaint as ár leathanach 'Déan Teagmháil Linn'.

## 4.4 Facebook

Má leanann tú ár gcuntas ar Facebook, is féidir leat a bheith ag súil leis go n-áireofar lenár bpostálacha na nithe seo a leanas:

- Preaseisiúintí agus ráitis uainn;

- Faisnéis thábhachtach nua uainn agus foláirimh faoi ábhar nua ar ár suíomh Gréasáin;

- Faisnéis atá ceaptha chun cabhrú le carthanais na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí carthanas a thuiscint agus iad a chomhlíonadh ar shlí níos fearr;

- Grianghraif agus físeáin ó imeachtaí, ó ócáidí gaolmhara agus ó ghníomhaíochtaí a bhaineann lenár gcuid oibre; agus
- Ábhar eile a mheastar a bheith cuí.

Má úsáidimid ár gcuntas ar Facebook chun ‘is maith linn’ a thabhairt d’ábhar nó chun ábhar a chomhroinnt, ní thabharfaidh sé sin le tuiscint go dtacaímid leis an ábhar sin nó leis an duine aonair nó an eagraíocht a phostáil é.

Fáiltímid roimh aiseolas ónár leantóirí. Is féidir, áfach, nach dtabharfaimid freagra aonair ar na teachtaireachtaí a fhaighimid ar Facebook. Cuirfimid aon teachtaireachtaí nó aon mholtaí fóinteacha ar aghaidh chuig ár gcomhghleacaithe. Ní dhéanfaimid aon trácht ar fhiosrúcháin atá ar siúl agus ní thabharfaimid aon fhreagra ar cheisteanna faoi fhiosrúcháin den sórt sin. Is é an bealach is fearr chun ceisteanna nó aiseolas a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas ná úsáid a bhaint as ár leathanach 'Déan Teagmháil Linn'.

## 5.0 Beartas um úsáid inghlactha

Is tuairimí daoine aonair iad na barúlacha a phostáiltear ar ár leathanaigh ar chainéil meán sóisialta agus na teachtaireachtaí a fhaightear trí na leathanaigh sin. Ní ionann iad agus tuairimí an Rialálaí Carthanas.

Fáiltímid roimh dhíospóireacht fhaisnéiseach mheasúil agus táimid ag súil leis, maidir le haon ionchur:

- Go mbeidh sé cruinn (i gcás go luafar fíorais ann);
- Go n-urramófar barúlacha eile agus daoine aonair eile ann (níor cheart ionsaí pearsanta a dhéanamh i mbarúlacha agus níor cheart iad a bheith de chineál mailíseach nó gránna);
- Go mbeidh sé ábhartha don topaic;
- Gur tuairimí macánta a bheidh in aon tuairimí a luafar ann; agus
- Go gcomhlíonfaidh sé an dlí is infheidhme in aon tír óna bpostáiltear iad.

Níl aon fhreagracht ar an Rialálaí Carthanas as an ábhar a phostálann úsáideoirí eile suíomhanna meán sóisialta, agus is féidir nach mbeidh sé in ann ábhar scáileáin a uaslódálann úsáideoirí eile a bhaint.

Gan aon oibleagáid a bheith air déanamh amhlaidh, forchoimeádann an Rialálaí Carthanas an ceart chun aon ionchur a phostáiltear ar aon chainéal meán sóisialta de chuid an Rialálaí Carthanas a scagadh, a athbhreithniú, a chur in eagar, a dhiúltú nó a bhaint gan fógra, agus tá lánrogha aige déanamh amhlaidh, i gcás go measann sé gurb ionann an t-ionchur sin agus

úsáid mhíchuí an chainéil ar aon chúis.  Áirítear na nithe seo a leanas leis na cineálacha ábhair ar féidir go measfar iad a bheith míchuí, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Barúlacha ina bhfuil teanga nó ábhar atá gránna, míchuí nó gáirsiúil (lena n-áirítear íomhánna, físeáin agus naisc);
- Ráitis atá bagrach, foréigneach, maslach nó maslaitheach agus ar dóigh dóibh fuath a ghríosú;
- Ionsaithe pearsanta atá dírithe ar bhaill foirne an Rialálaí Carthanas nó ar dhaoine eile atá ag gníomhú thar ceann an Rialálaí Carthanas nó ar dhaoine eile den phobal;
- Barúlacha nach bhfuil ábhartha don Rialálaí Carthanas nó don mhír atá postáilte ar an gcainéal;
- Ábhar a bhaineann le gearáin a rinneadh leis an Rialálaí Carthanas nó le himscrúduithe atá á ndéanamh ag an Rialálaí Carthanas;
- Ábhar ina sáraítear aon phaitinn, aon chóipcheart, aon cheart bunachar sonraí, aon trádmharc nó aon cheart eile maoine intleachtúla atá ag aon duine eile;
- Ábhar atá ina chlúmhilleadh ar aon duine;
- Ábhar ina sáraítear na cearta cosanta sonraí, na cearta príobháideachta nó na cearta rúndachta atá ag aon duine;
- Ábhar ina gcuirtear chun cinn idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar stádas pósta, ar stádas teaghlaigh, ar aois, ar mhíchumas, ar ghnéaschlaonadh, ar chine, ar reiligiún, agus ar bhallraíocht den Lucht Siúil;
- Ábhar ina dtugtar le tuiscint, nó ina maítear go bréagach, go ndéantar ionadaíocht do dhuine nó d’eagraíocht ann; agus
- Ábhar arb ionann é agus turscar nó ina ndéantar táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn nó a fhógairt.

Forchoimeádann an Rialálaí Carthanas an ceart chun aon duine a úsáideann a chainéil meán sóisialta a bhacadh i gcás go sáraíonn sé/sí na ceanglais thuas nó an dlí is infheidhme nó go mbaineann sé/sí úsáid mhíchuí eile as cainéil meán sóisialta a oibríonn an Rialálaí Carthanas.

Má bhíonn ceist agat maidir le cén fáth ar baineadh barúil/barúlacha a chuir tú in iúl nó postáil/postálacha a rinne tú, déanfaimid ár seacht ndícheall na cúiseanna leis sin a chur in iúl duit ach é sin a iarraidh. Seol ríomhphost chuig press@charitiesregulator.ie.

Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta Rev 001

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teil.: 01 633 1500
www.charitiesregulator.ie
© An Rialálaí Carthanas 2023

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator